CLÁR NA COMHDHÁLA
CONFERENCE PROGRAMME

COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA AR CHEARTA TEANGA

INTERNATIONAL CONFERENCE ON LANGUAGE RIGHTS

Déardaoin an 23 agus Dé hAoine an 24 Bealtaine 2013
Thursday 23rd and Friday 24th May 2013

Óstán Hilton, Plás Charlemont, Baile Átha Cliath 2
Hilton Hotel, Charlemont Place, Dublin 2

Téama: An dea-chleachtas a roinnt
Theme: Sharing best practice

Déardaoin 23 / Thursday 23rd

Tráthnóna	Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ag seoladh na comhdhála nuair a chasfaidh sé le coimisinéirí teanga an domhain in Áras an Uachtaráin (ar cuireadh amháin).
Afternoon	President of Ireland, Michael D. Higgins, to open the conference when he meets with language commissioners from all over the world at his residence, Áras an Uachtaráin (by invitation only).
Tráthnóna	Cuairt phríobháideach ag coimisinéirí teanga an domhain ar Choláiste na Tríonóide le Leabhar Cheanannais a fheiceáil (ar cuireadh amháin).
Afternoon	Private visit of language commissioners to Trinity College to view the Book of Kells (by invitation only).
9.30pm	Seisiún neamhfhoirmiúil ceoil, amhrán agus rince arna eagrú ag Gaelchultúr i dtábhairne an óstáin.
9.30pm	Informal session of traditional Irish music, song and dance presented by Gaelchultúr in the hotel bar.

Aoine 24 / Friday 24th — Téama: An dea-chleachtas a roinnt / Theme: Sharing best practice

9.15am	Clárú don chomhdháil / Conference registration
9.45am	Focail Fáiltithe / Official Welcome
	An Chéad Seisiún / First Session **Graham Fraser** — Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, Ceanada Commissioner of Official Languages, Canada **Rafael Ribó** — Ombudsman na Catalóinise Catalan Ombudsman **Mxolisi Zwane** — Príomhfheidhmeannach, Bord Teanga na hAfraice Theas CEO, Pan South African Language Board Cathaoirleach / Chair: **Prof. Rob Dunbar**, Albain / Scotland
11.15am	Briseadh Tae / Caife — Tea / Coffee break
11.30am	**An Dara Seisiún / Second Session** **Meri Huws** — Coimisinéir Teanga na Breataine Bige Welsh Language Commissioner **Malin Brännkärr** — Comhairleoir speisialta ar chearta teanga, Roinn Dlí agus Cirt na Fionlainne Special advisor on language rights, Ministry of Justice, Finland. **Michel Carrier** — Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, New Brunswick Commissioner of Official Languages for New Brunswick Cathaoirleach / Chair: **Dr Peadar Ó Flatharta**, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath Dublin City University
1.00pm	LÓN / LUNCH
2.00pm	**An Tríú Seisiún / Third Session** **Seán Ó Cuirreáin** — An Coimisinéir Teanga, Éire / Ireland **François Boileau** — Coimisinéir do Sheirbhísí Fraincise, Ontario French Language Services Commissioner of Ontario Cathaoirleach / Chair: **Dr John Walsh**, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh National University of Ireland, Galway.

3.00pm	**An Ceathrú Seisiún / Fourth Session** **Sandra Inutiq** — An Coimisinéir Teanga, Nunavut Languages Commissioner of Nunavut **Slavisa Mladenovic** — Coimisinéir Teanga na Cosaive Language Commissioner, Kosovo Cathaoirleach / Chair: **Janet Muller**, Pobal, Béal Feirste / Belfast.
4.00pm	Briseadh Tae / Caife — Tea / Coffee break
4.15pm	**Rapporteur** An tOllamh Colin Williams, Ollscoil Caerdydd, le tuairisc a thabhairt ar 4 sheisiún na comhdhála agus é ag tarraingt le chéile na dtéamaí agus na n-ábhar ar léiríodh spéis chomhchoiteann iontu. Seolfar freisin "From Act to Action" – staidéar ar reachtaíocht teanga in Éirinn, sa Bhreatain Bheag agus san Fhionlainn. Prof. Colin Williams, Cardiff University, will present a report on the 4 sessions of the conference drawing together themes and issues of common interest. Launch also of publication "From Act to Action" – study of language legislation in Ireland, Wales and Finland.
4.45pm	Comhchomhairle: 'Ceisteanna agus Freagraí' – an lucht éisteachta i mbun comhrá leis na cainteoirí ar fad: Round Table: Audience 'Questions and Answers' session with all of the speakers: Graham Fraser, Meri Huws, Slavisa Mladenovic, Sandra Inutiq, Seán Ó Cuirreáin, Francois Boileau, Rafael Ribó, Mxolisi Zwane, Malin Brännkärr, Michel Carrier. Cathaoirleach / Chair: An tAire Pär Stenbäck, Iar-Aire Gnóthaí Eachtracha agus Iar-Aire Oideachais na Fionlainne Minister Pär Stenbäck, former Foreign Minister and Education Minister of Finland
5.30pm	Críoch le gné phoiblí na comhdhála / Public element of conference ends

Aoine 24 Friday 24th — Ócáid Phríobháideach Private Event

Tráthnóna	Cruinniú príobháideach de na coimisinéirí teanga, etc. ar fad, faoi chathaoirleacht an Aire Pär Stenbäck ón bhFionlainn, le bunú Cumann Idirnáisiúnta Coimisinéirí Teanga a phlé.
Evening	Private meeting of all language commissioners, etc., chaired by Minister Pär Stenbäck of Finland, to discuss formation of an International Association of Language Commissioners.

Teangacha na comhdhála: Teangacha Oifigiúla na hÉireann, Gaeilge agus Béarla

Conference languages: Official Languages of Ireland, Irish and English.

Tá an Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Chearta Teanga arna heagrú ag
Oifig an Choimisinéara Teanga; Fiontar DCU;
agus Uned Ymchwil Iaith, Polisi a Chynllunio, Ollscoil Caerdydd, An Bhreatain Bheag.

The International Conference on Language Rights is organised by:
The Office of An Coimisinéir Teanga; Fiontar DCU;
and Language, Policy and Planning Research Unit, Cardiff University, Wales.

NA CAINTEOIRÍ...THE SPEAKERS

GRAHAM FRASER

Graham Fraser was appointed as Canada's Commissioner of Official Languages in 2006 – the sixth person to hold that position. A 3-year extension to his term of office was announced recently. A former journalist in both of Canada's official languages, English and French, he has written on many issues including cultural and foreign policy; constitutional debates and negotiations; and provincial, national and international politics. He is the author of 5 books, including *'Sorry I don't speak French'* and *'PQ: René Levesque and the Parti Québécois in power.'*

Sa bhliain 2006 a ceapadh Graham Fraser mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i gCeanada – an séú duine a ceapadh sa phost sin. Fógraíodh síneadh 3 bliana breise a bheith curtha lena théarma oifige le gairid. Iar-iriseoir in dhá theanga oifigiúla Cheanada, Béarla agus Fraincis, is ea é a bhfuil cuid mhaith foilsithe aige ar ábhair éagsúla, ar a n-áirítear polasaí cultúir agus gnóthaí eachtracha; díospóireachtaí bunreachtúla agus idirbheartaíocht bhunreachtúil; agus polaitíocht réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá 5 leabhar scríofa aige, ina measc *'Sorry I don't speak French'* agus *'PQ: René Levesque and the Parti Québécois in power.'*

RAFAEL RIBÓ

Rafael Ribó was appointed as Catalan Ombudsman in 2004 and re-appointed in 2010. His brief includes dealing with Catalan language rights issues. He has been an active member of the International Ombudsman Institute and was appointed as one of the directors of the organisation's World Board in 2012. A former politician, he has also worked as a lecturer and professor and has published several books on politics in Catalonia.

Ceapadh Rafael Ribó mar Ombudsman na Catalóinise sa bhliain 2004 agus athcheapadh arís é sa phost sin in 2010. Ball gníomhach é d'Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman agus roghnaíodh mar stiúrthóir é ar Bhord Domhanda na heagraíochta sin sa bhliain 2012. Iarpholaiteoir é a d'oibrigh freisin tráth mar léachtóir agus mar ollamh. Tá roinnt mhaith leabhar leis foilsithe ar pholaitíocht na Catalóine.

MXOLISI ZWANE



Mxolisi Zwane was appointed in 2012 as Acting Chief Executive Officer of the Pan South African Language Board (PanSALB), with responsibility for the country's 11 official languages and Khoi, San and South African sign language. The purpose of the PanSALB is to promote multilingualism in South Africa. It is mandated by law to investigate complaints about language rights violations from any individual, organisation or institution.

Sa bhliain 2012 a ceapadh Mxolisi Zwane ina Phríomhfheidhmeannach Gníomhach ar an Pan South African Language Board (PanSALB) atá freagrach as an 11 teanga oifigiúil ansin chomh maith le Khoi, San agus Teanga Chomharthaíochta na hAfraice Theas. An t-ilteangachas a chur chun cinn san Afraic Theas is aidhm do PanSALB. Tá dualgas dlíthiúil ar an eagraíocht imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi sháruithe ar chearta teanga ó dhaoine aonair, ó eagraíochtaí nó ó institiúidí.

MERI HUWS

Meri Huws was appointed Welsh Language Commissioner in 2012, the first person to hold this position. She previously worked as a university lecturer in Wales and spent time in the Academic Office in Dublin City University. She was Deputy Vice Chancellor in Bangor University and in the University of Wales Trinity St David. She is a former chair of the Welsh Language Society and of the Welsh Language Board.

Ceapadh Meri Huws mar chéad Choimisinéir Teanga don Bhreatnais sa bhliain 2012. D'oibrigh sí roimhe sin mar léachtóir ollscoile sa Bhreatain Bheag agus chaith sí seal san Oifig Acadúil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí sí ina Leas-Seansailéir Cúnta in Ollscoil Bangor agus in Ollscoil na Breataine Bige Trinity St David. Iarchathaoirleach í ar Chumann na Breatnaise agus ar Bhord na Breatnaise.

MALIN BRÄNNKÄRR

Malin Brännkärr is special advisor to Finland's Minister of Justice, specialising in language rights. Finland has two national official languages, Finnish and Swedish, and recently introduced a new national languages strategy. The strategy is in two parts with long term objectives and specific actions to be taken during the term of the current government. The implementation is divided between a number of bodies with oversight responsibility within the Ministry of Justice.

Tá Malin Brännkärr ina comhairleoir speisialta d'Aire Dlí agus Cirt na Fionlainne maidir le cearta teanga. Tá dhá theanga oifigiúla náisiúnta san Fhionlainn, an Fhionlainnis agus an tSualainnis, agus seoladh straitéis nua do na teangacha náisiúnta ansin le gairid. Tá an straitéis sin ina dhá chuid – aidhmeanna fadtéarmacha agus gníomhaíochtaí ar leith atá le cur i bhfeidhm le linn thréimhse an rialtais reatha. Tá feidhmiú na straitéise roinnte ar eagraíochtaí ar leith ach freagracht fhoriomlán ar an Roinn Dlí agus Cirt.

FRANÇOIS BOILEAU

François Boileau was appointed the French Language Services Commissioner of Ontario in 2007, the first person to hold this position. A law graduate, he had previously worked as legal counsel with the Office of the Commissioner of Official Languages. He has experience in the field of language rights, both with the federal public service and with Francophone organizations. He has also worked in a voluntary capacity for legal organiations such as Lawyers Without Borders.

Sa bhliain 2007 a ceapadh François Boileau ina Choimisinéir do Sheirbhísí Teanga na Fraincise in Ontario, an chéad duine sa phost sin. Céimí dlí é a d'oibrigh roimhe sin mar chomhairleoir dlí in Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá taithí aige i réimse na gceart teanga sa tseirbhís phoiblí chónaidhme agus le heagraíochtaí teanga na Fraincise. D'oibrigh sé freisin ar bhonn deonach le heagraíochtaí dlí ar nós Dlíodóirí gan Teorainn.

SANDRA INUTIQ



Sandra Inutiq was appointed Languages Commissioner of Nunavut in 2013 with responsibility for the Inuit language which is traditionally spoken across the North American Arctic and in part of subarctic Labrador. She is a graduate of the Akitsiraq law programme and a member of the Nunavut bar. Prior to her appointment as Commissioner, she worked as director of policy at the Language Commission. She also served as executive director of the Status of Women Council, in youth affairs and in broadcasting.

Sa bhliain 2013 a ceapadh Sandra Inutiq ina Coimisinéir Teanga do Nunavut agus freagracht uirthi as teanga an phobail Ionúiteach, teanga a labhraítear go traidisiúnta i réigiún Artach Mheiriceá Thuaidh agus i gcuid de réigiún fo-artach Labrador. Céimí í de chuid scoil dlí Akitsiraq agus tá sí ina ball de bharra dlí Nunavut. Sular ceapadh ina Coimisinéir í, d'oibrigh sí mar stiúrthóir polasaí sa Choimisiún Teanga. D'oibrigh sí freisin mar stiúrthóir feidhmeach ar Chomhairle Stádas na mBan, le gnóthaí óige agus i gcúrsaí craolacháin.

SLAVISA MLADENOVIC

In 2012 Slavisa Mladenovic became the first person to take up the position of Language Commissioner in Kosovo. He worked previously with the Organisation for Security and Cooperation in Europe (OSCE). As Commissioner, he is now responsible for monitoring the implementation of the Law on Languages. The purpose of the legislation is to maintain, promote and ensure the use of official languages, Albanian and Serbian, and to safeguard the rights of speakers of other community languages in Kosovo. The OSCE and the Office of An Coimisinéir Teanga in Ireland have worked closely with the authorities in Kosovo on developing the new structures for the Language Commissioner's Office in Kosovo.

Sa bhliain 2012 a ceapadh Slavisa Mladenovic ina Choimisinéir Teanga sa Chosaiv, an chéad duine a chuaigh i mbun an chúraim sin. D'oibrigh sé roimhe sin le hEagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE). Mar Choimisinéir, is é atá freagrach anois as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Dhlí na dTeangacha. Tá sé mar chuspóir ag an reachtaíocht teangacha oifigiúla na Cosaive, Albáinis agus Seirbis, a chosaint agus a chur chun cinn chomh maith le tacú le cearta na bpobal teanga eile ansin. D'oibrigh an OSCE agus Oifig an Choimisinéara Teanga in Éirinn go dlúth le húdaráis na Cosaive i bhforbairt na struchtúr nua d'Oifig an Choimisinéara Teanga sa Chosaiv.

NA CAINTEOIRÍ...THE SPEAKERS

SEÁN Ó CUIRREÁIN

Seán Ó Cuirreáin was initially appointed by the President of Ireland as Ireland's first Coimisinéir Teanga (Irish Language Commissioner) following government and parliamentary approval in 2004, and reappointed in a similar manner for a second 6 year term in 2010. His Office provides an ombudsman service, acts as a compliance agency and provides advice on language rights and obligations in the public sector. A former journalist and broadcaster, he was Deputy Head of Raidió na Gaeltachta, the national Irish language radio service, when first appointed as Commissioner.

Uachtarán na hÉireann, le tacaíocht rialtais agus pharlaiminteach, a cheap Seán Ó Cuirreáin mar chéad Choimisinéir Teanga sa bhliain 2004 agus athcheapadh ar an mbealach céanna é do thréimhse eile 6 bliana in 2010. Feidhmíonn a Oifig mar sheirbhís ombudsman, mar eagraíocht ghéilliúlachta agus mar chomhairleoir ar dhualgais agus ar chearta teanga sa tseirbhís phoiblí. Iar-iriseoir agus iarchraoltóir é a bhí ina Leascheannaire ar Raidió na Gaeltachta, an tseirbhís náisiúnta raidió i nGaeilge, nuair a céadcheapadh ina Choimisinéir é.

MICHEL CARRIER

Michel Carrier has completed two terms as New Brunswick's Commissioner of Official Languages. Initially appointed in 2003, he has recently agreed to remain in office while the appointment process to choose his successor is completed. His background is primarily in law, having been called to the New Brunswick Bar in 1981 and appointed Queen's Counsel in 1999. Prior to his appointment as Commissioner, he worked as Executive Director of the Law Society of New Brunswick. He has been an active member over the years of various boards and organisations in New Brunswick, Canada's only officially bilingual province.

Tá dhá thréimhse críochnaithe ag Michel Carrier mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla in New Brunswick. Sa bhliain 2003 a ceapadh den chéad uair é i mbun na hoibre sin agus thoiligh sé le gairid fanacht i mbun oifige go dtí go gcríochnófar an próiseas lena chomharba a roghnú. Le cúrsaí dlí is mó a d'oibrigh sé i gcaitheamh a shaoil, ón uair a céadcheapadh ina abhcóide é in New Brunswick sa bhliain 1999. Rinneadh abhcóide sinsearach de sa bhliain 1999. Sular ceapadh ina Choimisinéir é, bhí sé fostaithe mar Ard-Stiúrthóir ar Dhlí-Chumann New Brunswick. Bhí sé ina bhall gníomhach in imeacht na mblianta de bhoird agus d'eagraíochtaí éagsúla in New Brunswick, an t-aon chúige i gCeanada a bhfuil aitheantas oifigiúil aige mar réigiún dátheangach.

NA CATHAOIRLIGH...THE CHAIRPERSONS

PROFESSOR ROB DUNBAR

Professor Rob Dunbar is a Research Professor at Sabhal Mòr Ostaig, the University of the Highlands and Islands, Scotland. His realm of expertise includes law and minority language maintenance and revitalisation, language planning for minority languages, and language policy and planning for Gaelic in Scotland. He is a board member of Bòrd na Gàidhlig and director of 'Soillse', a 7-year research project focusing on public policy towards the maintenance and revitalisation of the Gaelic language and culture. He is an expert of the Council of Europe and has advised international organisations, governments and non-governmental organisations on legislation, policy and planning for minority languages.

Is Ollamh Taighde é an tOllamh Rob Dunbar i Sabhal Mòr Ostaig, Ollscoil na nGarbhchríoch agus na nOileán in Albain. Baineann a réimse saineolais leis an dlí, le caomhnú agus athneartú teanga, le pleanáil do theangacha mionlaigh, chomh maith le polasaí agus beartais do Ghaeilge na hAlban. Is ball de Bhòrd na Gàidhlig é agus tá sé ina stiúrthóir ar 'Soillse', tionscnamh taighde 7 mbliana atá dírithe ar bheartais phoiblí i dtaca le caomhnú agus le hathneartú chultúr agus theanga Ghaeilge na hAlban. Saineolaí de chuid Chomhairle na hEorpa é agus bhí sé ina chomhairleoir ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar reachtaíocht, polasaithe agus beartais do theangacha mionlaigh.

JANET MULLER

Janet Muller is Chief Executive Officer of Pobal, Irish language advocacy and umbrella organisation for the Irish language community in Northern Ireland. She has worked on shaping approaches to improved status for the Irish language in Northern Ireland, developing key campaigns, research and monitoring work on legislation, policy, best practice and community development. She is author of "Language and Conflict in Northern Ireland and Canada."

Tá Janet Muller ina Príomhfheidhmeannach ar Phobal, eagras abhcóideachta don Ghaeilge a fheidhmíonn mar scátheagraíocht do phobal na teanga i dTuaisceart Éireann. D'oibrigh sí leis an gcur chuige a mhúnlú maidir le feabhsú stádas na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, ag forbairt croífheachtas, taighde agus obair faireacháin ar reachtaíocht, beartais, dea-chleachtais agus forbairt pobail. Is í údar an leabhair "Language and Conflict in Northern Ireland and Canada" í.

DR PEADAR Ó FLATHARTA

Dr Peadar Ó Flatharta is Director of Fiontar, Dublin City University's Irish language business school. Fiontar offers a range of graduate and postgraduate courses and is involved with innovative interdisciplinary research which links the Irish language with current issues in business, management agus information technology. Dr Ó Flatharta chaired the group of international experts which advised on the Government's 20-year Strategy for Irish. He is a former director of Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, former Vice President of the European Bureau for Lesser Used Languages, and a member of Coimisiún na Gaeltachta 2000–2002.

Tá an Dr Peadar Ó Flatharta ina Stiúrthóir ar Fhiontar, an scoil ghnó trí Ghaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuirtear raon cúrsaí céime agus iarchéime ar fáil i bhFiontar agus déantar taighde nuálaíoch idirdhisciplíneach a nascann an Ghaeilge le saincheisteanna comhaimseartha sa ghnó, sa bhainistíocht agus i dteicneolaíocht na faisnéise. Bhí an Dr Ó Flatharta ina chathaoirleach ar an ngrúpa idirnáisiúnta saineolaithe a chuir comhairle ar fáil do Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge. Iar-Stiúrthóir é ar Chomhdháil Náisiúnta an Gaeilge, Iar-Leas-Uachtarán ar an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana, agus ba bhall é de Choimisiún na Gaeltachta, 2000–2002.

PROFESSOR COLIN WILLIAMS

Professor Colin Williams is a Research Professor in Cardiff University, Wales, who has for many years been internationally recognized for his expertise in language planning and policy and in the geography of language, in particular the Welsh language. His main research interests include language policy and planning, group rights and democratic citizenship, as well as ethnic and minority relations. He is the author of an extensive range of books and other publications and has acted as an advisor on language policy and planning matters to national and international bodies. He was one of the international experts who advised on the Government's 20-year Strategy for Irish. He is a former member of the Welsh Language Board.

Is Ollamh Taighde é an tOllamh Colin Williams in Ollscoil Caerdydd sa Bhreatain Bheag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aige le blianta fada mar shaineolaí i gcúrsaí beartas teanga agus pleanála teanga agus i dtíreolaíocht teanga, go háirithe i leith na Breatnaise. Tá a chuid spéise sa taighde dírithe ar bheartais agus ar phleanáil teanga, ar chearta grúpaí pobail, agus ar shaoránacht dhaonlathach chomh maith le gnóthaí eitneacha agus mionlaigh. Tá raon fairsing leabhar agus foilseachán eile scríofa aige agus d'fheidhmigh sé mar chomhairleoir ar bheartais agus ar pholasaí teanga do ghrúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí sé ar dhuine den ghrúpa idirnáisiúnta saineolaithe a chuir comhairle ar fáil do Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge. Iarbhall de Bhord na Breatnaise é.

DR JOHN WALSH

Dr John Walsh is a lecturer in the Irish Department and is Vice-Dean for Research in the College of Arts, Social Sciences, & Celtic Studies in the National University of Ireland, Galway. He has previously worked as a lecturer at Dublin City University, with the European Bureau for Lesser-Used Languages and as a journalist with RTÉ and TG4. In 2009 he was appointed Fulbright Irish Language Scholar and spent six months teaching and researching at the University of California, Santa Cruz. He is author of "Contests and Contexts, The Irish languages and Ireland's socio-economic development."

Tá an Dr John Walsh ina Léachtóir Gaeilge agus ina Leas-Déan Taighde i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. D'oibrigh sé roimhe sin mar léachtóir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, leis an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana agus mar iriseoir le RTÉ agus TG4. Sa bhliain 2009 ceapadh mar Scoláire Gaeilge Fulbright é agus chaith sé 6 mhí ag teagasc agus i mbun taighde in Ollscoil California, Santa Cruz. Is é údar an leabhair "Contests and Contexts, The Irish languages and Ireland's socio-economic development" é.

MINISTER PÄR STENBÄCK

Minister Pär Stenbäck is a former Foreign Minister and Education Minister of Finland and holds the honorary title of 'Minister'. He has a master's degree in political science and international politics from the University of Helsinki. A former journalist, parliamentarian and party leader, he had also worked as Secretary General of the International Federation of Red Cross and Red Crescent Societies. His distinguished career on the world stage has included acting as monitor of humanitarian agreements between Israeli and Palestinian organisations, on behalf of governments and the International Red Cross Movement. His interest in language rights has led him to advocate the establishment of an international association or network of language commissioners.

Iar-Aire Gnóthaí Eachtracha agus Iar-Aire Oideachais de chuid na Fionlainne é an tAire Pär Stenbäck, a bhfuil an teideal onórach 'Aire' bronnta air. Tá céim mháistreachta san eolaíocht pholaitiúil agus sa pholaitíocht idirnáisiúnta aige ó Ollscoil Heilsincí. Iar-iriseoir, iartheachta parlaiminte agus iarcheannaire páirtí é. D'oibrigh sé freisin mar Ard-Rúnaí ar Chónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. Ar na ceapacháin a bhí aige agus é ag feidhmiú ar stáitse an domhain, bhí tréimhse mar fhear faireacháin thar ceann rialtas agus Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge ar chomhaontuithe daonnúla idir eagraíochtaí Iosraelacha agus Palaistíneacha. An spéis atá aige i gcearta teanga a thug air a mholadh gur cheart cumann nó gréasán idirnáisiúnta a bhunú do choimisinéirí teanga.

Fís agus Fáth

Deich mbliana ó achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) in Éirinn agus an reachtaíocht sin á hathbhreithniú faoi láthair.

Coimisinéirí teanga ó thíortha ar fud an domhain le bheith páirteach san ócáid.

Béim ar ról an stáit agus an phobail maidir le cearta agus dualgais teanga i gcomhthéacs teangacha atá faoi bhrú mar theangacha pobail nó mar theangacha roghnaithe.

Is iad príomhchuspóirí na comhdhála ná deis a chur ar fáil an dea-chleachtas a roinnt, eolas a mhalartú, agus plé a dhéanamh ar na ceachtanna atá foghlamtha i réimse na dteangacha.

Tabharfaidh an chomhdháil seo deis foghlama ó bheartais agus ó chleachtais eile, agus deis staid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre a mheas i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Cruthófar deis do choimisinéirí teanga as gach cearn den domhan bualadh le chéile chun plé a dhéanamh ar bhunú cumann idirnáisiúnta coimisinéirí teanga.

Vision and Purpose

Ireland's Official Languages Act (2003) enacted 10 years ago and the legislation is currently under review.

Language commissioners from all over the world to participate.

Emphasis on the role of the state and the community in regard to language rights and obligations in the context of languages that are under threat as community languages or languages of choice.

The sharing of best practice, the exchange of information, and lessons learnt in the area of languages will be core objectives of conference.

The conference will provide an opportunity to learn from policy and practice in other countries and allow the position of Irish, both in the Gaeltacht and throughout the country, to be evaluated in an international context.

The event will allow language commissioners from all over the world to meet to discuss the formation of an international association of language commissioners.

TUILLEADH EOLAIS

Fáilte mhór roimh an bpobal i gcoitinne chuig imeachtaí na hAoine.

Is gá clárú roimh ré trí:

ríomhphost a sheoladh chuig: eolas@coimisineir.ie
glaoch ar: 091-504006 nó 1890-504006 (glao áitiúil)
scríobh chuig: Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.

***Táille chlárúcháin don phobal - tae, caife agus lón san áireamh - €15.00 (le híoc ar an lá)**

FURTHER INFORMATION

Members of the public are very welcome to Friday's events.

Advance registration is required by:

email: eolas@coimisineir.ie
telephone: 091-504006 or 1890-504006 (LoCall number)
writing to: Oifig an Choimisinéara Teanga, An Spidéal, Co. Galway, Ireland.

*Registration fee for members of the public which includes teas/ coffees and lunch - €15 (to be paid on the day).

An Coimisinéir Teanga

DCU

Cardiff University / Prifysgol Caerdydd

2013 Bliain na Gaeilge
Bígí Linn - Let's Celebrate Our Language www.gaeilge2013.ie